Straitéis Foghlama, Teagaisc agus Measúnachta: *2009-2011*

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Straitéis Foghlama, Teagaisc & Measúnachta

2009-2011

Leagann an Straitéis Foghlama, Teagaisc agus Measúnachta in OÉ Gaillimh roimpi, thar ceann na mac léinn agus na gcomhaltaí foirne ar fad, acmhainní oideachais den chaighdeán is airde a chur ar fáil chun teacht ar eolas, chun smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt, agus chun modhanna a chinntíonn measúnú cothrom feabhais a chur chun cinn.

I. Fealsúnacht Ghinearálta

Cruthóidh straitéis foghlama agus teagaisc OÉ Gaillimh cultúr institiúide:

- a thugann aitheantas do chleachtas acadúil ina bhfuil cothromaíocht tiomantas: idir teagasc agus taighde; ar mhaithe le tacú leis an bpobal acadúil; agus leis an tsochaí trí chéile. Tacaíonn an cultúr institiúide seo leis na gnéithe difriúla seo agus tugann dearbhú go gcinntíonn an idirghníomhaíocht eatarthu laistigh den Ollscoil go n-éiríonn le comhaltaí foirne acadúla agus a gcuid mac léinn na dúshláin a bhaineann le ré seo an athraithe, na forbartha teicneolaíochta, agus an bhunathraithe geilleagair agus cultúir a shárú.

- a oibríonn ar mhaithe le leibhéil níos mó de rannpháirtíocht mac léinn sna réimsí intleachtacha, cultúrtha agus sóisialta a chinntiú. Chuige seo, tá an Ollscoil i bhfabhar solúbthachta i seachadadh cúrsaí, modúlú, agus úsáid a bhaint as nuatheicneolaíocht ar mhaithe leis an dúshlán intleachtach agus spéis san ardoideachas a chothú agus a fhorbairt. Cinnteoidh an Ollscoil go gcuirfear le cur chuige den chineál seo agus go mbeidh rochtain ag níos mó daoine ar ardoideachas.

- a chruthaíonn naisc idir chláir acadúla agus ghníomhaíochtaí taighde, agus a chuireann le comhpháirteachas poiblí agus rannpháirtíocht phoiblí laistigh agus lasmuigh den champas, ag glacadh leis gur féidir leis an Ollscoil cur le forbairt phearsanta mar aon le forbairt intleachtach an mhic léinn.

- a chuireann ar chumas comhaltaí foirne agus mac léinn eolas a chruthú agus a roinnt, trí thacú le hinfreastruchtúr teicneolaíoch láidir, cur chuige nuálach oideolaíoch, agus struchtúir institiúide a thugann aitheantas agus gradam do ghnóthachtáil, a chothaíonn coláistíocht, agus a chinntíonn comhionannas rochtana agus deiseanna.

- a chuireann teagasc d'ardchaighdeán chun cinn (lena n-áirítear raon leathan cleachtas agus modhanna) agus oideolaíochtaí a thacaíonn le foghlaim ghníomhach agus inar léir cad iad na róil agus na freagrachtaí atá ar chomhaltaí foirne agus ar mhic léinn. Lena chois sin, déantar athscrúdú ar na codarsnachtaí idir taighde iarchéime agus taighde fochéime ar mhaithe le fiosracht ghníomhach intleachtach a chothú do gach foghlaimeoir mar chuid lárnach de na scéimeanna foghlama atá i gcomhroinnt.

- a chruthaíonn campas cuimsitheach agus acmhainn for-rochtana a chuireann éagsúlacht chun cinn i measc na mac léinn, a chruthaíonn deiseanna do mhic léinn páirtaimseartha agus do mhic léinn lánfhásta mar aon le mic léinn ó chúlraí cultúrtha, teangeolaíocha, oideachais agus socheacnamaíocha éagsúla.

- **II. Cúlra**

D'eascair an riachtanas le haghaidh straitéis fhoirmiúil Foghlama, Teagaisc agus Measúnachta as roinnt dúshlán agus as roinnt deiseanna a tháinig os comhair na hinstitiúide, lena n-áirítear:

1. An gealltanas taithí foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar do gach mac léinn, agus ag an am céanna feabhas Teagaisc agus Foghlama a chinntiú.
2. An tábhacht a bhaineann le céimithe ar ardchaighdeán idirnáisiúnta a fhorbairt.
3. An infheistíocht agus an fhorbairt atá déanta le gairid i dtaighde agus i staidéar iarchéime ag an gCeathrú Leibhéal.
4. An t-athrú atá ag teacht ar shochaí agus ar gheilleagar na hÉireann agus an éagsúlacht atá le tabhairt faoi deara sa tír anois.
5. An t-inmheánú oideachais.

Is ionann an straitéis seo agus creat comhaontaithe na hOllscoile don chleachtas foghlama, don teagasc agus don mheasúnacht. Baineann an straitéis le cláir fochéime agus iarchéime agus cláir eile nach iad, cláir a bhfuil aitheantas oifigiúil Ollscoile acu.

Cuirfidh Coláistí agus Scoileanna an straitéis seo i bhfeidhm laistigh dá ndisciplíní féin agus féadfaidh siad gníomhaíochtaí ábhartha breise a chur leis an straitéis.

Is éard atá sa straitéis roinnt príomhphrionsabal sonrach agus roinnt spriocanna sonracha. Tá an straitéis seo faoi réir athbhreithnithe agus athnuachana agus baineann feidhm leis an straitéis seo don tréimhse 2009-2011.

Grúpa Oibre a bhunaigh Comhairle na nDéan, a thionól Stiúrthóir CELT agus atá faoi chathaoirleacht Dhéan Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh a dhréachtaigh an cháipéis seo.

III Ábhar/Rannóg

1. Oiliúint agus Tacaíocht Foirne d'Fhorbairt Curaclaim

2. Bologna, Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí agus Córas Eorpach Aistriú (agus Bailiú) Creidiúna (ECTS)

3. Torthaí Foghlama

4. Cur chuige Teagaisc agus Foghlama

5. Measúnacht

6. Rannpháirtíocht Mac Léinn

7. Aiseolas, Measúnú & Athbhreithniú

8. Naisc Thaighde-Theagaisc

9. Comhpháirteachas Poiblí

10. Cláir Taighde Iarchéime

11. Achoimre ar na Gníomhaíochtaí

1. Oiliúint & Tacaíocht Foirne d'Fhorbairt Curaclaim

Glactar leis san ollscoil go mbíonn brú áirithe ar chomhaltaí foirne acadúla agus ar scoileanna mar gheall ar luas an athraithe sa chomhthéacs oideachais trí chéile, straitéisí náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leo rannpháirtíocht a mhéadú, forbairt cúrsaí ildisciplíneacha agus cúrsaí idirdhisciplíneacha, próiseas Bologna, nuatheicneolaíochtaí agus torthaí taighde a rinneadh ar chleachtas ardoideachais. Dá réir sin, d'fhonn a chinntiú go ndéantar iarracht (agus go leantar leis an iarracht sin) feabhas a bhaint amach sa teagasc agus sa taighde is den tábhacht é go mbíonn deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil ag comhaltaí foirne. Tá ról lárnach ag an *Ionad um Fheabhas Foghlama & Teagaisc* (CELT) i ndeiseanna oiliúna agus forbartha a sholáthar do chomhaltaí foirne, trí oibriú i gcomhar leis an Leabharlann, Seirbhísí Ríomhaireachta agus aonaid eile.

Gníomhaíochtaí

(A1.1) Beidh an *Teastas Gairmiúil Iarchéime i dTeagasc & Foghlaim Ardoideachais* ar fáil saor in aisce do gach comhalta foirne agus cuirfear an cúrsa seo ar fáil ar bhonn chomh solúbtha agus is féidir.

(A1.2) Beidh an *Dioplóma Iarchéime i gCleachtas Acadúil* agus an *M.A. i gCleachtas Acadúil* ar fáil freisin do chomhaltaí foirne acadúla ar spéis leo na hábhair seo agus oiliúint ardleibhéil a fháil. Cruthóidh na cúrsaí seo deiseanna freisin chun taighde aonair a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de bheartas agus de chleachtas ardoideachais.

(A1.3) Eagróidh CELT sraith Seimineár, Ceardlann agus Comhdhálacha ina n-áireofar rannpháirtíocht ó áisitheoirí/láithreoirí seachtracha ar cuairt agus comhghleacaithe ollscoile a dhíreoidh ar ghnéithe d'fhorbairt curaclaim, modhanna teagaisc, measúnacht agus beartas ardoideachais.

(A1.4) Soláthróidh an Ollscoil acmhainní feiliúnacha le tacú le comhaltaí foirne agus le cabhrú leo forbairt a dhéanamh sa réimse seo agus déanfar gach iarracht acmhainní breise a fháil, acmhainní a bheidh dírithe ar na réimsí tosaíochta a aithníodh sa cháipéis seo agus i bplean straitéiseach na hOllscoile.

(A1.5) Cinnteoidh an Oifig Acmhainní Daonna agus na hoifigí cuí eile go mbeidh na deiseanna forbartha gairmiúla agus an tacaíocht chuí ar fáil dóibh siúd atá ag feidhmiú mar Dhéin agus mar Chinn Scoile.

(A1.6) Díreoidh an Déan Staidéir Iarchéime, na Coláistí agus CELT ar oiliúint agus ar thacú le mic léinn iarchéime, bunaithe ar an ról teagaisc agus foghlama a d'fhéadfadh a bheith acu, agus ar a bhforbairt ghairmiúil féin, ar ndóigh. Beidh deiseanna oiliúna ar fáil do gach mac léinn a bheidh ag teagasc (nó ag soláthar tacaíochta foghlama).

(A1.7) Cinnteoidh Boird Chláir (áit ar cuí) go mbeidh deiseanna oiliúna i réimsí cosúil le teagasc, léiriúchán nó scileanna ábhartha eile ar fáil do chúntóirí teagaisc páirtaimseartha agus do chatagóirí foirne den chineál céanna agus sa chás go bhfuil a leithéid d'oiliúint ar fáil go mbeidh dualgas ar chomhaltaí foirne leas a bhaint aisti.

(A1.8) Úsáidfear Blackboard agus teicneolaíochtaí eile chun rochtain a sholáthar ar ábhair agus ar acmhainní oiliúna d'fhorbairt curaclaim. Tá "Fóram Teagaisc agus Foghlama" bunaithe agus déanfaidh comhaltaí foirne CELT agus comhaltaí foirne eile, lena n-áirítear Leas-Déin atá freagrach as Teagasc & Foghlaim an Fóram seo a fhorbairt agus a fheabhsú. 'Ionad ilfhreastail' a bheidh ann d'eolas a bhaineann le teagasc, cruinnithe agus measúnacht, ina mbeidh teacht ag comhaltaí foirne ar cháipéisíocht, ar ráitis bheartais agus ar ábhair eile.

2. Bologna, Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí agus Córas Eorpach Aistriú (agus Bailiú) Creidiúna (ECTS)

Is é atá mar aidhm le próiseas Bologna trédhearcacht a fheabhsú i gcórais agus struchtúir éagsúla oideachais agus soghluaisteacht mac léinn a chur chun cinn. Is ann don phróiseas chun malartú, comhoibriú agus soghluaisteacht idirnáisiúnta a dhéanamh níos éasca agus níos solúbtha.

Mar chuid den iarracht *Réimse Ardoideachais na hEorpa* a fhorbairt, thacaigh Éire le Dearbhú Bologna agus le fógraí oifigiúla maidir le córas trédhearcach, inaistrithe agus inmhalartaithe creidiúna do chláir oideachais.[1] Ina theannta sin, tá Creatoibre Náisiúnta Cáilíochtaí i bhfeidhm in Éirinn ina rangaítear modúil agus cláir ar scála 10 leibhéal.

Timthriallta Bologna & Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí

Ciallaíonn creat Bologna go n-áirítear cáilíochtaí i dtrí "thimthriall". Is é an tslí is fearr le cur síos a dhéanamh orthu seo féachaint ar na cineálacha cáilíochtaí atá ar fáil in Éirinn mar atá liostaithe sa tábla anseo thíos[2].

Seoladh Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ) in 2003 (bunaíodh é faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999). 10 leibhéal ar fad atá sa Chreatoibre (féach ar an léaráid) seo atá ag teacht le Próiseas Bologna. Tá treoirlínte agus moltaí beartais d'earnáil na hOllscoile á n-ullmhú faoi láthair mar chuid de chomhthionscadal idir Cumann Ollscoileanna Éireann agus Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. Áireofar iontu seo modhanna a bheidh dírithe ar shúil a choinneáil ar thorthaí foghlama (scileanna agus inniúlachtaí), ar mheasúnacht, ar theidil cláir agus ar inmheánú.[3]

Timthriall Bologna	***Cáilíocht***	***Leibhéal na hÉireann***
Timthriall Gearr (laistigh den chéad timthriall)	Ardteastas	6
An Chéad Timthriall	Céim Bhaitsiléara Céim Onóracha Bhaitsiléara Ard-Dioplóma	7 8 8
An Dara Timthriall	Céim Mháistreachta Dioplóma Iarchéime	9 9
An Tríú Timthriall	Céim Dhochtúireachta	10

[1] Tá tuilleadh sonraí le fáil san *Bologna Handbook* (2008), cé go bhfuil glacadh forleathan le bunphrionsabail an phróisis faoin tráth seo.
[2] "Verification of alignment of national framework with overarching framework", B. Maguire, L. Purser, National Stakeholder Workshop, Deireadh Fómhair 2006 http://www.nqai.ie/docs/international/MAGURE-BRYAN.ppt
[3] http://www.nfqnetwork.ie/



ECTS

Déantar cur síos ar gach modúl in OÉ Gaillimh i dtéarmaí ECTS.

> *"The European credit transfer and accumulation system is a student-centred system based on the **student workload required to achieve the objectives of a programme**, objectives preferably specified in terms of the **learning outcomes and competences** to be acquired."*[4]

Seo a leanas na príomhthréithe a ghabhann le ECTS[5]:

- "Tá ECTS bunaithe ar an bprionsabal gurb ionann **60 creidiúint agus ualach oibre mic léinn lánaimseartha i rith bliana acadúla**. I bhformhór na gcásanna is ionann ualach oibre mhic léinn atá ag tabhairt faoi chlár staidéir lánaimseartha san Eoraip agus idir 1500 agus 1800 uair an chloig in aghaidh na bliana agus sna cásanna seo **is ionann creidiúint amháin agus thart ar 25 go 30 uair oibre.** [6]

- Ní féidir creidiúintí ECTS a fháil ach amháin má chríochnaíonn tú an obair riachtanach agus má dhéantar measúnacht oiriúnach ar na torthaí foghlama a baineadh amach.

- Is éard atá i gceist le torthaí foghlama sraith inniúlachtaí, a chuireann in iúl cad a bheidh ar eolas ag an mac léinn, cad a thuigfidh an mac léinn agus cad a bheidh ar chumas an mhic léinn a dhéanamh i ndiaidh an phróisis foghlama, bíodh an próiseas sin fada nó gearr.

- Is éard atá i gceist le hualach oibre ECTS an méid ama a thógann sé **na gníomhaíochtaí foghlama ar fad atá beartaithe, cosúil le freastal ar léachtaí, ar sheimineáir, staidéar neamhspleách agus príobháideach, tionscadail a ullmhú, scrúduithe a chur i gcrích, agus mar sin de.**

- Bronntar creidiúintí do gach gné de chlár staidéir (modúil, cúrsaí, socrúcháin oibre, miontráchtas etc.) agus tugann siad léargas dúinn ar an ualach oibre atá i gceist le gach gné chun na cuspóirí sonracha nó torthaí foghlama a bhaint amach i dtaca leis an méid oibre a theastaíonn do bhliain iomlán staidéir." [7]

---

[4] "European Credit Transfer and Accumulation System (Key Features)", An Coimisiún Eorpach, 2004. Ar fáil ar líne freisin ag: http://ec.europa.eu/dgs/education_culture/publ/pdf/ects/en.pdf, eolas atá oiriúnach nuair a bhunaítear na creidiúintí/na huaireanta ar an mbliain acadúil'.

[5] ibid

[6] I gcás na hÉireann agus aon tír eile a bhfuil na seimeastair chéanna aici is ionann é seo go praiticiúil agus timpeall 20-25 uair an chloig in aghaidh gach ECTS.

[7] "The performance of the student is documented by a local/national grade. It is good practice to add an *ECTS grade*, in particular in the case of credit transfer *the ECTS grading scale ranks the students on a statistical basis*."

Forlíonadh Dioplóma

Is cáipéis é an Forlíonadh Dioplóma (FD) a bhaineann le teastas/cáilíocht céime a bhfuil sé mar aidhm leis 'trédhearcacht' idirnáisiúnta a fheabhsú agus aitheantas acadúil agus pearsanta cáilíochtaí a éascú (dioplómaí, céimeanna, teastais etc.). Is ann don Fhorlíonadh Dioplóma le cur síos ar sholáthar, ar nádúr, ar leibhéal, ar chomhthéacs, ar ábhar agus ar stádas an staidéir a chríochnaigh an duine ar ar bronnadh an cháilíocht lena bhfuil an forlíonadh seo ceangailte. Is é an aidhm atá ann úsáid a bhaint as an bhForlíonadh Dioplóma mar uirlis sholúbtha neamh-shaintreorach chun am agus airgead a shábháil agus ualach oibre a laghdú, agus féadfar an Forlíonadh Dioplóma a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla/náisiúnta. Tá sonraí le fáil san Fhorlíonadh Dioplóma maidir leis na modúil shonracha atá déanta ag mic léinn agus, dá réir sin, tá cur síos níos mine ann ná mar atá i gcáilíocht shimplí teastais/dioplóma.[8]

Tabharfar Forlíonadh Dioplóma do gach mac léinn a mbronntar cáilíocht air/uirthi in OÉ Gaillimh ina mbeidh cur síos mionsonraithe ar na modúil a rinneadh agus eolas ábhartha eile. Tá an Riarachán Acadúil & MIS i mbun iniúchadh a dhéanamh ar an tslí is fearr leis an bhForlíonadh Dioplóma a chur i dtoll a chéile.

Gníomhaíochtaí

(A2.1) Beidh gach clár le faomhadh ag Bord Cláir an Choláiste ina bhfuil an clár á theagasc. Caithfidh gach clár agus gach cáilíocht ollscoile Creat Bologna agus Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí a chomhlíonadh.

(A2.2) Ba cheart cur síos a dhéanamh ar gach clár agus ar gach modúl i dtéarmaí Torthaí Foghlama, ECTS, agus, áit a mbronntar cáilíocht (.i. céim, dioplóma, teastas, etc.) ba cheart go mbeadh an cháilíocht sin luaite ar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí.

(A2.3) Ba cheart go dtuigfeadh na mic léinn agus an fhoireann an t-ualach oibre a bhaineann leis an ualú ECTS agus ba cheart é seo a chur in iúl trí na cainéil chuí. Is den tábhacht é go mbíonn a fhios ag mic léinn cad leis a bhfuil súil uathu i dtéarmaí na hiarrachta nach mór dóibh a dhéanamh lasmuigh den am i mbun ranga nó de na riachtanais mheasúnachta.

(A2.4) Is é an Bord Cláir atá freagrach as a chinntiú go mbíonn sonraíochtaí feiliúnacha cláir agus tuairiscí modúil ar fáil. Beidh tacaíocht ar fáil ó na hoifigí ollscoile ábhartha agus soláthróidh CELT deiseanna oiliúna do chomhaltaí foirne acadúla.[9]

(A2.5) Thar thréimhse na straitéise seo, déanfaidh Coláistí athchóiriú ar a gcláir fochéime agus iarchéime teagaisc[10] d'fhonn a chinntiú gur fiú 5 ECTS, ar a laghad, gach modúl atá á thairiscint acu.

(A2.6) Cinnteoidh Coláistí go mbeidh comhsheasmhacht agus comparáideacht in ualach oibre na modúl sin a bhfuil an t-ualú céanna ECTS acu.

(A2.7) Déanfaidh Coláistí agus Scoileanna iarracht an líon modúl 'nasctha' a áirítear i gcláir a laghdú agus, go háirithe, a chinntiú go bhfuil na torthaí foghlama céanna ag na mic léinn ar fad atá i mbun modúl a bhfuil na torthaí foghlama céanna luaite leo agus go gcaitear le riachtanais mheasúnachta ghinearálta mar chohórt singil i dtéarmaí ECTS a bhronnadh.

[8] Tá sé seo bunaithe ar cháipéis faoin bhForlíonadh Dioplóma atá ar láithreán gréasáin oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. http://ec.europa.eu./education/policies/rec_qual/recognition/diploma_en.html

[9] Tá an t-eolas bunaithe ar thionscadail SIF agus ar fhoinsí eile.

[10] I measc na n-eisceachtaí beidh imthosca ina dteastaíonn critéar éigin eile ó chomhlacht creidiúnaithe seachtrach nó ar mhaithe le sainfhorbairt ghairmiúil, foghlaim sholúbtha, comhchláir le hinstitiúidí eile nó oiliúint teagaisc do mhic léinn iarchéime.

(A2.8) Beidh Coláistí agus Scoileanna freagrach as cinntí beartais a bhaineann le gnéithe praiticiúla de sheachadadh modúl agus cúrsaí, gnéithe cosúil le ham i mbun ranga, leithdháileadh acmhainní, rialacháin mheasúnachta, caighdeáin agus grádú etc. Ní mór, áfach, go mbeadh na cinntí comhoiriúnach don straitéis ar a bhfuil cur síos sa cháipéis seo.

3. Torthaí Foghlama

> "Learning outcomes are sets of competences, expressing what the student will know, understand or be able to do after completion of a process of learning, long or short."[11]

> "An *intended learning outcome* is a concise description of what a student will have learnt at the end of some learning process. One of the main advantages to stating the intended learning outcomes … from a course of study is the way in which this allows one explicitly to consider the ways in which the **goals for student learning are constructively aligned with both the methods used for teaching and supporting learning and the assessment** on the programme."[12]

> "Learning outcomes focus on **what the student has achieved** rather than merely focussing on the content of what has been taught.
>
> Learning outcomes focus on **what the student can demonstrate** at the end of a learning activity."[13]

> 'If the Bologna Process is to be successful in meeting the needs and expectations of learners, all countries need to use learning outcomes as a basis for their national qualifications frameworks, systems for credit transfer and accumulation, the diploma supplement, recognition of prior learning and quality assurance. **This is a precondition for achieving many of the goals of the Bologna Process by 2010**.'[14]

Glactar le torthaí foghlama anois mar an modh caighdeánach *de facto* (a chomhlíonann Bologna) le cur síos a dhéanamh ar chúrsaí agus ar mhodúil ag leibhéil éagsúla oideachais; léargas ar athrú ó chur chuige ábharlárnach go dtí cur chuige a thugann le fios **gurb é an mac léinn féin atá freagrach as a f(h)oghlaim féin agus nach mór don mhac léinn a bheith in ann a léiriú go bhfuil inniúlachtaí bunúsacha agus eolas bunúsach sealbhaithe aige/aici sula gcríochnaíonn sé/sí clár foghlama ar bith.**

Tá roinnt mhaith cainte déanta, áfach, [15] faoi thorthaí foghlama agus, go háirithe, an bhaint atá acu go traidisiúnta le modúil foghlama iompraí agus cláir oiliúna. Féadfar úsáid a bhaint as torthaí foghlama mar chur chuige úsáideach chun cúrsaí a dhearadh, agus na modhanna teagaisc agus measúnachta is éifeachtaí a aithint. Ba cheart torthaí foghlama, cur chuige teagaisc & foghlama agus modhanna measúnachta a "ailíniú go praiticiúil"[16] ar mhaithe leis an tairbhe is fearr agus is féidir a bhaint astu. In imeacht na mblianta, tá níos mó béime á leagan ar scrúdú a dhéanamh ar an nasc idir torthaí sonraithe agus measúnacht trí athbhreithniú cáilíochta agus comhlachtaí creidiúnaithe gairmiúla agus áirítear é freisin mar ghné den fhorbairt a rinneadh le déanaí ar chreatoibre Bologna.

---

[11] "European Credit Transfer and Accumulation System (Key Features)", An Coimisiún Eorpach, 2004. Ar fáil ar líne freisin ag: http://ec.europa.eu/dgs/education_culture/publ/pdf/ects/en.pdf

[12] University of Manchester, "Guide to Writing Aims and Intended Learning Outcomes", 2004. Ar fáil ar líne ag http://www.campus.manchester.ac.uk/medialibrary/tlao/MAP/writing-aims-and-intended-learning-outcomes.pdf

[13] "Writing and Using Learning Outcomes: A Practical Guide", D. Kennedy, Coláiste na hOllscoile Corcaigh & NAIRTL, 2007

[14] Bologna Process Stocktaking Report, 2007, Londain, DfES

[15] "Update on the Issues and Applications of Learning Outcomes Associated with the Bologna Process." S. Adams, Bologna Seminar, Dún Éideann, 2008. Ar fáil ar líne ag http://www.ond.vlaanderen.be/hogeronderwijs/bologna/BolognaSeminars/documents/Edinburgh/Edinburgh_Feb08_Adams.pdf

[16] Biggs, John (1999) 'What the Student Does: teaching for enhanced learning', Higher Education Research & Development, 18:1, 57 - 75

Gníomhaíochtaí

(A3.1) Ní mór go mbeadh sraith Torthaí Foghlama Cláir luaite le gach clár atá á thairiscint ag OÉ Gaillimh.

(A3.2) Ní mór go mbeadh sraith shonrach Torthaí Foghlama luaite le gach modúl d'fhonn na cuspóirí thuasluaite a chomhlíonadh (.i. gur modh atá iontu le cur síos a dhéanamh ar an méid a bheidh foghlamtha ag an mac léinn ag deireadh an mhodúil).

(A3.3) Beidh comhairle agus treoir le fáil ag comhaltaí foirne maidir le Torthaí éifeachtacha Foghlama a scríobh ó fhoinsí cosúil le CELT, an Fóram Foghlama & Teagaisc agus foinsí eile nach iad.

(A3.4) Measfaidh Boird Chláir réim agus éifeachtacht torthaí foghlama i bhforbairt curaclaim agus soláthar cúrsaí agus cinnteofar go seachnófar an iomarca measúnachta a dhéanamh ar mhic léinn.

(A3.5) Déanfaidh Stiúrthóirí Cúrsa monatóireacht ar ghnóthachtáil le linn athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí, ar mheasúnacht agus ar fheidhmiú mac léinn.

(A3.6) Ba cheart Torthaí Foghlama ag leibhéal cláir agus modúil a úsáid mar bhonn le cinntí a dhéantar maidir le: (a) cur chuige teagaisc & foghlama, agus (b) roghnú modhanna measúnachta.

4. Cur chuige Teagaisc & Foghlama

> "…*teaching for understanding*…..helping students become aware of their current conceptions…; highlighting inconsistencies in learners' conceptions and their consequences in real situations; focusing on central issues that are most problematic for students; finding ways of integrating 'knowing how' with 'knowing what'…"[17]

> "It is how lecturing is used – the underlying approach adopted – that determines its effectiveness. Lectures can be a particularly useful way to introduce a new topic and provide an overview of the relation between topics. Moreover, a university teacher should be capable of using lectures to inspire his or her students through linking personal insights from research and the excitement of scholarship to the process of learning."[18]

> "What is the difference between a curriculum that teaches what is known and one that teaches how to come to know? Knowledge, even academic knowledge, is not adequately represented as propositional statements but has a historicity that incorporates individuals' previous experiences, their perceptions of the immediate situation, their intentions, and their experiences of discovery, of recognized tensions, of uncertainties, of ambiguities still unresolved. ….It comes closer to scholarship as learning…..university teachers have to renew and develop their model of the learning process well beyond the traditional transmission model."[19]

Ceann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le Torthaí Foghlama soiléire is ea gur deis atá iontu athscrúdú a dhéanamh ar na modhanna teagaisc atá in úsáid i modúl nó i gclár ar bith. Le déanaí, tá forbairt shuntasach tagtha ar na modhanna éagsúla teagaisc agus foghlama atá in úsáid chun mic léinn a theagasc. Fós féin, áfach, léachtaí mínitheacha traidisiúnta atá in úsáid san ardoideachas. Cé go gcruthaíonn a leithéid eispéireas éifeachtach foghlama[20] agus gur modh costéifeachtach le ranganna móra a theagasc atá ann, b'fhéidir nach n-éireodh le modhanna traidisiúnta 'seachadta ábhair' mic léinn a spreagadh agus nach mbeadh deis acu a bheith páirteach sa phróiseas foghlama. Chomh maith leis sin, is minic a chruthaíonn ualach mór léachtaí laistigh de mhéid teoranta ama deacrachtaí do léachtóirí.

Is cinnte go mbaineann tairbhe lena chinntiú go dtéann mic léinn i dtaithí ar raon modhanna teagaisc agus foghlama mar chuid dá gclár staidéir. Ba cheart gur tréithe bunúsacha den 'ardoideachas' iad féinriail agus freagracht i measc foghlaimeoirí.[21] Is iomaí sampla atá ann de mhodhanna teagaisc agus foghlama a oireann go breá do chláir tríú agus ceathrú leibhéal. I measc na samplaí sin tá: Foghlaim Fadhb-Bhunaithe (nó fiosrúchán), Obair Thionscadail (obair i ngrúpaí agus obair aonair); 'Cúrsaí comhdhála'; Ríomhfhoghlaim; Obair Saotharlainne agus Obair Allamuigh; Ceardlanna Scileanna Cliniciúla agus Praiticiúla; ranganna móra rannpháirteacha (.i. léachtaí le deiseanna plé agus gníomhaíochta); pobail foghlama agus foirne staidéir; foghlaim seirbhíse agus comhpháirteachas poiblí. Is gnéithe bunúsacha den dearadh agus den athchóiriú curaclaim iad oiliúint agus forbairt foirne, a sholáthraíonn deiseanna le hiniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna difriúla teagaisc agus a chuireann le caighdeán na modhanna traidisiúnta atá in úsáid.

Ní dhéileálfaidh an raon méadaithe teicneolaíochtaí atá ar fáil le tacú le foghlaim, as féin leis an bhfadhb mura bhfuil na teicneolaíochtaí sin in úsáid mar mhodh breise chun ábhar a sheachadadh, ach beidh na

[17] "Learning to Teach in Higher Education", P. Ramsden, An Dara hEagrán, Routledge Falmer, Londain, 2003, lch 146.
[18] *ibid*, lch 148.
[19] "Rethinking Teaching for the Knowledge Society", D. Laurillard, *Educause Review*, Ean/Feab, 2002, lgh 16-25
[20] "The Lecturer's Toolkit", P. Race, 2002, Kogan Page, Londain, lgh 104-139.
[21] Go deimhin, tá tuairim eile ann gur cheart an téarma "foghlaimlárnach" a úsáid in ionad an téarma "mac léinn-lárnach".

teicneolaíochtaí seo éifeachtach má tá siad comhtháite le taithí foghlama nasctha nó, b'fhéidir, chun am a sholáthar laistigh de léachtaí agus de ranganna chun cur chuige cumarsáideach agus rannpháirteach a ghlacadh; chun deiseanna a sholáthar chun cur leis an gcumarsáid agus leis an gcomhoibriú ar líne; nó chun cruthaitheacht a éascú agus taighde agus iniúchadh criticiúil a chothú.

Gníomhaíochtaí

(A4.1) Roghnóidh Stiúrthóirí Cúrsa agus comhordaitheoirí modúil[22] na modhanna feiliúnacha teagaisc agus cuirfear foghlaim mac léinn-bhunaithe chun cinn bunaithe ar na Torthaí Foghlama sonraithe agus cruthófar nasc eatarthu seo agus cur chuige measúnachta. Cé go mbeidh tionchar ag gnéithe pragmatacha agus ag ganntanas acmhainní ar na modhanna a roghnófar ar deireadh, sonrófar ag leibhéal cláir cé hiad na modhanna ba cheart a úsáid le déileáil leis na torthaí foghlama beartaithe agus rannpháirtíocht agus freagracht na mac léinn as a gcuid foghlama féin a chur chun cinn.

(A4.2) Déanfaidh Bord Cláir gach Coláiste, faoi chathaoirleacht an Leas-Déin Teagaisc & Foghlama (nó duine comhionann leis), suirbhé/iniúchadh ginearálta ar an raoin modhanna teagaisc a bheidh in úsáid i gcláir an Choláiste agus é mar aidhm réimsí féideartha forbartha a aithint agus, más cuí, riachtanais oiliúna agus acmhainní. Cinnteoidh Cinn Scoile go dtiomsófar a leithéid d'eolas mar is ceart agus go bpléifear é laistigh de gach scoil.

(A4.3) Measfaidh foirne Athbhreithnithe Cáilíochta éifeachtacht na modhanna teagaisc agus foghlama a úsáidfear sna cláir seo.

(A4.4) Ba cheart go n-áireodh dearadh agus athbhreithniú curaclaim taithí foghlama iomlán an mhic léinn atá ag tabhairt faoin modúl nó faoin gclár i gceist mar aon leis na modhanna teagaisc agus na teicneolaíochtaí éagsúla atá ag tacú leis na haidhmeanna agus leis na torthaí beartaithe ar fad.

(A4.5) Féadfaidh gach disciplín tairbhe a bhaint as nuatheicneolaíochtaí le tacú leis an méid atá á fhoghlaim ag na mic léinn.

(A4.6) Soláthrófar córas Ríomhfhoghlama Blackboard agus beidh comhpháirtíocht idir CELT, Seirbhísí Ríomhaireachta agus Riarachán Acadúil mar bhonn leis an gcóras. Beidh an córas ar fáil do gach modúl, do gach cúrsa agus do gach mac léinn atá cláraithe.

(A4.7) Déanfaidh CELT scrúdú ar nuatheicneolaíochtaí agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn mar aon le moltaí ó chomhaltaí foirne acadúla. Fáilteofar roimh Choláistí agus Scoileanna agus féadfar dul chun cinn a dhéanamh trí Fhochoiste Teagaisc & Foghlama an Choiste Straitéise TFC.

(A4.8) Déanfaidh an Ollscoil iarracht feabhas leanúnach a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiciúil teagaisc agus foghlama trí áiseanna campais a uasghrádú, lena n-áirítear ionaid nua a thógáil agus ionaid atá ann cheana féin a athchóiriú. Cinnteoidh sé seo go ndíreofar ar dhea-chleachtas nuair a bheidh foirgnimh nua á dtógáil agus nuair a bheidh spásanna teagaisc agus foghlama a ndearadh agus a bhfeistiú.

(A4.9) Cuirfear na hacmhainní cuí ar fáil don 'infreastruchtúr foghlama' lena n-áirítear áiseanna leabharlainne, ionaid teagaisc agus ríomhaireachta & rochtain líonra d'fhonn a chinntiú go soláthraíonn OÉ Gaillimh leibhéal tacaíochta atá, ar a laghad, ag teacht leis na caighdeáin in ollscoileanna Éireannacha eile, nó caighdeán níos airde ná sin go hinmhianaithe.

[22] .i. an comhalta foirne atá freagrach as dearadh agus as cur i bhfeidhm cibé modúl atá i gceist.

5. Measúnacht

> "..assessment has three purposes. Firstly, assessment is designed to support and thus enhance learning. Secondly, it provides certification for progress or transfer, and thirdly, it is a form of accountability (quality assurance) for stakeholders."[23]

> "Over the last decade many of us have seen our assessment workload grow dramatically, as we work with increasing numbers of students who are ever more diverse. Consequently, the time we have available to devote to assessing each student has fallen. Even those methods and approaches which used to work satisfactorily with relatively small numbers of students are now labouring as we try to extend them to a mass higher education context. It is therefore **more important than ever to review the way we design and implement our assessment**."[24]

Ba cheart go mbeadh measúnacht bailí, iontaofa, cothrom, trédhearcach agus dílis. I ndáil le Torthaí Foghlama, ba cheart go gcuirfeadh tascanna measúnachta (agus critéir mharcála) ar chumas mac léinn a léiriú go bhfuil na torthaí seo bainte amach acu agus go gcabhródh siad leo cinntí ciallmhara a dhéanamh. Laistigh de gach clár, dá réir sin, ba cheart raon uirlisí measúnachta a úsáid gan brath an iomarca ar chur chuige amháin (cosúil le páipéir scrúdaithe thraidisiúnta nach bhfeictear roimh ré). Chomh maith leis sin, ní mór go seachnódh cláir 'an iomarca measúnachta' agus an deis is fearr agus is féidir a thabhairt do mhic léinn foghlaim ó mheasúnachtaí atá déanta acu roimhe sin (a chomhaontaítear mar cheann de chuspóirí oideachais na measúnachta).[25]

Is léir ó thaighde atá déanta go mbaineann tairbhe oideachais le measúnacht *fhoirmitheach*.[26] Oibreoidh na Boird Chláir d'fhonn a chinntiú go dtugann gach clár deis do mhic léinn a leithéid d'aiseolas foirmitheach a fháil. Áireofar mar chuid de gach clár an méid úsáide a bhaineann mic léinn as a leithéid de thacaíocht nuair a bhíonn sé ar fáil. Féadfar straitéisí *measúnachta imeasctha*[27] a fhorbairt, straitéisí a dhéanann iarracht déileáil leis an gceist seo i gcomhthéacs raon disciplíní acadúla agus clár modúlach.

Gníomhaíochtaí

(A5.1) Beidh tascanna measúnachta bunaithe ar thorthaí foghlama inmhianaithe na modúl agus na gclár, rud a thabharfaidh deis do mhic léinn a leibhéil ghnóthachtála i ndáil leis na torthaí seo a léiriú[28].

(A5.2) Gheobhaidh na mic léinn (le linn dóibh tabhairt faoina gclár staidéir) taithí ar raon modhanna measúnachta agus beidh níos mó i gceist ná scrúduithe scríofa traidisiúnta do na modúil ar gach clár.

(A5.3) Dearfar méid, cineál agus méid ama na measúnachta ar mhaithe leis an méid atá á fhoghlaim ag mic léinn agus rannpháirtíocht intleachtach a éascú. Gníomh fritorthúil é an iomarca measúnachta agus spriocdhátaí cúrsa do mhodúil éagsúla sa chomhthéacs seo. Ba cheart tascanna measúnachta a dhéanamh ag leibhéal an chláir (na bliana) chun an riachtanas seo a éascú.

---

[23] "Developing a variety of assessment methods, including self and peer assessment – an overview" D. Lines, Ceardlann Measúnachta 4, Enhancement Themes., 2004. http://www.enhancementthemes.ac.uk/documents/assessment/Assessment_Workshop_4FINAL.pdf

[24] "The Lecturer's Toolkit" P. Race, An Dara hEagrán, Kogan Page, Londain, 2002.

[25] Curtha in oiriúint ó University of Manchester, Assessment Principles http://www.campus.manchester.ac.uk/tlso/map/teachinglearningassessment/assessment/sectiona-principles/

[26] Nicol D and Macfarlane-Dick D (2006) *"Formative assessment and self-regulated learning: a model and seven principles of good feedback practice", Studies in Higher Education*, 31.2, lgh 199-218

[27] Enhancement Themes: Integrative Assessment http://www.enhancementthemes.ac.uk/themes/IntegrativeAssessment/themes.asp San áireamh anseo tá cur chuige cosúil le 'marcanna a thabhairt ar aghaidh', measúnachtaí carnacha agus forchéimnitheacha, mar shampla.

[28] San áireamh i gcur chuige praiticiúil lena leithéid 'd'ailíniú cuiditheach' a bhaint amach tá úsáid a bhaint as greille chun an caidreamh idir torthaí, modhanna teagaisc & foghlama agus measúnacht a léiriú.

(A5.4) Cinnteoidh Boird Chláir go bhfuil meascán oiriúnach (agus comhtháite) tascanna measúnachta le déanamh ag mic léinn ar gach clár agus nach mbeidh an iomarca measúnachta le déanamh ag deireadh an lae. Seachas na heisceachtaí sin dá dtagraítear in (A2.5), féadfar scrúdú scríofa foirmiúil a úsáid do mhodúil ar fiú 5 ECTS, ar a laghad, iad.

(A5.5) Déanfaidh Boird Chláir monatóireacht ar ghrádú measúnachtaí agus ar an leibhéal comhsheasmhachta nó ar an éagsúlacht feidhmíochta i modúil agus féadfaidh siad moltaí a dhéanamh le déileáil le ceisteanna ar bith a thagann chun cinn.

(A5.6) Gheobhaidh mic léinn deiseanna (nuair is féidir agus nuair is cuí) measúnacht fhoirmitheach a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as straitéis chun measúnacht fhoirmitheach agus shuimitheach a dhéanamh ar féidir a bhunú ar phróiseas de mheasúnacht *imeascthach*.

(A5.7) Déanfar an mharcáil agus tabharfar aiseolas do mhic léinn in am trátha agus nuair a bhíonn a leithéid in úsáid go foirmitheach ba cheart go mbeadh pointí luachmhara eolais ann a chabhróidh le feabhas a chur ar a gcuid oibre amach anseo.

(A5.8) Beidh deiseanna piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe ar fáil (le cur ar chumas mac léinn an dul chun cinn atá á dhéanamh acu féin a mheas).

(A5.9) Tabharfar eolas do mhic léinn maidir le nádúr, formáid agus critéir ghrádaithe na dtascanna measúnachta roimh ré.

(A5.10) Ina theannta sin, déileálfar leis an ualach oibre a bhaineann le mic léinn a ghrádú agus a mheas trí úsáid a bhaint as cur chuige éagsúil, éifeachtach (i gcásanna áirithe, mar shampla, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht, nó níos mó úsáide a bhaint as féinmheasúnú agus as piarmheasúnú). Áireofar i samhlacha nua ualaí oibre do chomhaltaí foirne acadúla marcáil agus grádú thascanna agus scrúduithe na mac léinn, mar aon le hiarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil gníomhaíocht agus freagracht roinnte go cuí agus go ciallmhar.

(A5.11) Déileálfar le bréitsí amhrasta den chód araíonachta, slándáil scrúduithe, bradaíl agus gnéithe eile a bhaineann le hionracas acadúil ar bhonn foirmiúil bunaithe ar an gcreat rialála cuí.

(A5.12) Déanfaidh Boird Chláir (trí Stiúrthóirí Cúrsa) athbhreithniú tréimhsiúil ar a éifeachtaí is atá na modhanna measúnachta atá in úsáid chun gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a léiriú agus chun leibhéal bailíochta agus iontaofachta na dtorthaí foghlama a chinntiú.

6. Rannpháirtíocht Mac Léinn

> "Much of the research carried out on transition to the first year has been driven by issues of student retention and withdrawal. This, in turn, is linked to the impact on the teaching and learning experience of a mass Higher Education system and the growing diversity of the student population. … Approaches to supporting transition are linked to improving preparedness for Higher Education; easing integration into the university environment, both academically and socially; and encouraging the development of the autonomous learner. By shifting the focus of transition **from the issue of student retention and withdrawal** to one of **supporting the engagement and empowerment of all learners**, successful transition will be measured not simply in terms of whether students continue on their programmes but, in doing so, are provided with **the opportunity to achieve their full potential."**[29]

In 2004, rinne dhá chomhairleoir sheachtracha staidéar ar an tacaíocht foghlama atá ar fáil do mhic léinn in OÉ Gaillimh agus ar an tslí a gcabhraíonn na tionscnaimh éagsúla atá ar bun le scileanna staidéir, dul i dtaithí ar an timpeallacht ollscoile agus na ceisteanna nach mór do ghrúpaí éagsúla mac léinn 'neamhthraidisiúnta' déileáil leo. Ba é an tátal a baineadh as obair na gcomhairleoirí seachtracha gur cheart don institiúid córais tacaíochta foghlama éifeachtacha a fhorbairt i ngach Coláiste agus a chinntiú go mbeadh na comhaltaí foirne agus na hacmhainní cuí ar fáil chuige sin. Mheas na comhairleoirí go mbeadh foghlaim éifeachtach le tabhairt faoi deara sna disciplíní acadúla i gceist agus go mbeadh ról lárnach aige freisin i leasú curaclaim, i ndáil le taithí na chéad bhliana go háirithe.

In 2006, tarraingíodh aird ar chuid de na ceisteanna seo arís trí *Ghrúpa Tinrimh agus Rannpháirtíochta Mac Léinn* a thionól a thuairiscigh don Chomhairle Acadúil maidir leis an ngá a bhí leis an méid a bhfuil institiúidí ag súil leis uathu a chur in iúl do mhic léinn i dtéarmaí leibhéal rannpháirtíochta agus comhsheasmhachta i seachadadh na teachtaireachta seo.

Tá ag éirí go breá le roinnt clár ionduchtúcháin don chéad bhliain agus d'fhorbairt scileanna agus dearcaí staidéir (cosúil lena bhfuil i bhfeidhm i nDámh na Tráchtála) chun leibhéil rannpháirtíochta a fheabhsú agus fianaise a thabhairt ar ráta coinneála feabhsaithe. Ba cheart an méid a fhoghlaimítear ó chláir den chineál sin a roinnt san institiúid trí chéile agus áit ar féidir, iad a chur in oiriúint nó scéimeanna cosúla a chur i bhfeidhm.

Gníomhaíochtaí

(A6.1) Forbróidh Coláistí agus Scoileanna nósanna imeachta réalaíocha chun monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh ranganna rud a (i) chuireann ar a gcumas na mic léinn sin nach bhfuil ag baint tairbhe as an gclár a aithint agus (ii) tinreamh na mac léinn ar fad a mheas mar ghné amháin de rannpháirtíocht mac léinn.

(A6.2) Cuirfidh Coláistí agus Scoileanna an méid a bhfuil súil leis uathu in iúl do mhic léinn ionas gur féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcláir staidéir, lena n-áirítear obair ullmhúcháin, tinreamh agus rannpháirtíocht sa rang.

(A6.3) Déanfaidh Boird Chláir, Stiúrthóirí Cúrsa agus comhaltaí foirne aonair gach iarracht modhanna teagaisc agus measúnachta a chur i bhfeidhm a chuirfidh le foghlaim ghníomhach, féinstaidéar agus foghlaim phiarchuidithe (mar a dhéantar cur síos air i rannóga eile den straitéis seo).

[29]" First Year Experience Quality Enhancement Theme – Practice-Focused Development Project", *Interim Report*, 2007, R. Whittaker, QAA Scotland

(A6.4) Beidh beartais agus gníomhaíochtaí i bhfeidhm ag gach Coláiste d'fhonn a chinntiú go leanann an méid mac léinn agus is féidir ag freastal ar na cláir agus d'fhonn an t-aistriú chuig ardoideachas sa chéad bhliain a éascú. Éascóidh grúpa oibre coinneála agus ionduchtúcháin comhordú a leithéid sin de bheartais agus roinnt taithí, grúpa oibre ar a mbeidh comhaltaí den fhoireann acadúil, ionadaithe ó na haonaid riaracháin chuí agus ionadaithe ó Chomhaltas na Mac Léinn.

(A6.5) Cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh na hacmhainní ar fáil ag an Ollscoil chun leibhéil oiriúnacha de thacaíocht foghlama a sholáthar do mhic léinn, mic léinn thraidisiúnta agus neamhthraidisiúnta san áireamh (lena n-áirítear na mic léinn sin a bhfuil riachtanais ar leith acu), mar aon le cláir ionduchtúcháin chomhtháite agus dea-bhainistithe a sholáthar.

7. Aiseolas, Measúnú & Athbhreithniú

> "Evaluation is an analytical process that is intrinsic to good teaching."[30]
>
> "Evaluation is better if it is a cooperative but rigorous activity that permits teachers to learn from each other in a spirit of peer review and continuous enquiry."[31]
>
> "In contemporary higher education, the regular evaluation of courses and teaching is widely seen both as a necessary component of quality **assurance** and quality **enhancement** (QAA 2003), and as **an integral part of good professional practice** (Hounsell 2003). It provides an indispensable feedback loop (Hounsell et al 2006b), alerting course teams and individual lecturers and tutors to those aspects of teaching, learning and assessment which are functioning well, and those where expectations of students and of staff have not yet been adequately met. For teaching staff in particular, it can also provide a second pair of eyes and ears, throwing light on how **a course is perceived and experienced by the students** at whom it is aimed. This is especially necessary given research evidence on the disparities between staff and student perceptions of what is ostensibly a common experience (see, for example, Stefani et al 1997; MacLellan 2001; Williams 2005; Carless 2006; Crook et al 2006)."[32]
>
> "…it is recommended that **systematic evaluations of all courses be introduced immediately**. However, these evaluations must be kept confidential and not made public. The deans and department heads should assume the responsibility for the follow-up of course evaluations. **Students should be informed of actions taken** as a result of the evaluations..."[33]

Dlúthchuid de chleachtas machnamhach gairmiúil é measúnacht bunaithe ar aiseolas agus ar fhianaise eile agus téann sé chun tairbhe mac léinn, comhaltaí foirne teagaisc, foirne cúrsaí agus na hinstitiúide. Féadfar modhanna éagsúla a úsáid le haiseolas a fháil agus le measúnú a dhéanamh ar shlite chun mic léinn a theagasc. I measc na modhanna seo tá:

- Ceistneoirí aiseolais mac léinn
- Grúpscéim Measúnachta Mac Léinn
- Breathnadóireacht agus athbhreithniú piaraí
- Portfóiliónna Teagaisc aonair a chur i dtoll a chéile
- Anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht mac léinn agus ar leibhéil rannpháirtíochta
- Rianú ar líne agus monatóireacht gníomhaíochtaí
- Ionadaithe Ranga, grúpaí idirchaidrimh Foirne-Mac Léinn agus Coistí Cúrsa
- Fócasghrúpaí

Tá na modhanna seo ar fad in úsáid in OÉ Gaillimh. Is den tábhacht é, áfach, go gcinntítear go bhfuil an próiseas measúnaithe comhtháite agus go bhfuil "na modhanna atá in úsáid againn nasctha go foirmiúil leis an aidhm lárnach a bhaineann le foghlaim mac léinn a fheabhsú."[34]

[30] "Learning to Teach in Higher Education", P. Ramsden, An Dara hEagrán, Routledge Falmer, Londain, 2003, lch 209
[31] ibid, lch 226
[32] "Integrative Assessment Guide #1: Monitoring Students' Experiences of Assessment", QAA Albain, 2007, http://www.enhancementthemes.ac.uk/documents/IntegrativeAssessment/IAMonitoring.pdf
[33] "Quality Review of the National University of Ireland, Galway" European University Association, 2004.
[34] Ramsden, lch 225

Gníomhaíochtaí

(A7.1) Cuirfidh scoileanna creatoibre i bhfeidhm chun measúnú córasach a dhéanamh ar na cúrsaí ar fad atá á dtairiscint acu. Beidh raon modhanna in úsáid sa chreatoibre seo agus cabhróidh sé le haithint mhear ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le dul chun cinn mac léinn agus seachadadh cúrsaí. Áireofar anseo ceistneoirí aiseolais faoi mhodúil agus faoi chúrsaí a dháileadh nuair is cuí agus nuair is indéanta.

(A7.2) Bainfidh comhaltaí foirne acadúla leas as deiseanna a bhíonn ar fáil chun aiseolas a fháil maidir le teagasc agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn mac léinn, agus tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí cosúil le Blackboard, mar shampla.

(A7.3) Beifear ag súil go gcomhoibreoidh mic léinn le measúnú cúrsaí agus teagaisc trí fhoirmeacha aiseolais a chomhlánú, páirt a ghlacadh i gcruinnithe Idirchaidrimh Foirne-Mac Léinn, ionadaithe mac léinn a ainmniú etc.

(A7.4) Ba cheart gníomhaíochtaí atá déanta mar thoradh ar mheasúnú cúrsaí agus modúl a chur in iúl do mhic léinn. Áit ar féidir agus ar cuí, measfar an t-aiseolas agus an tslí atá beartaithe déileáil leis an aiseolas seo gan mórán moille agus ar mhaithe le déileáil le ceisteanna casta ar bith a thagann chun solais.

(A7.5) San áireamh sa mheasúnú cúrsaí beidh athbhreithnithe tréimhsiúla ar chur chuige measúnachta, an raon modhanna teagaisc agus conas mar atá ag éirí leo na Torthaí Foghlama a bhaint amach ag leibhéal an chláir agus ag leibhéal an mhodúil.

(A7.6) Grúpmheasúnú Mac Léinn, Athbhreithniú Piaraí (bunaithe ar phrótacal na gComhpháirtíochtaí Foghlama & Teagaisc) agus cur chuige eile a d'fhéadfadh comhaltaí foirne acadúla a úsáid chun cineálacha eile aiseolais a fháil seachas ceistneoirí caighdeánacha a dháileadh ar mhic léinn.

(A7.7) Áireofar tiomantas do theagasc ar ardchaighdeán (agus dearadh, seachadadh agus bainistiú cúrsaí) mar chuid de chritéir ardaithe céime na hOllscoile (Léachtóir go Léachtóir Sinsearach agus Ollúnacht Phearsanta), bunaithe ar thaighde agus ar shaothair eile.

(A7.8) Measfar measúnú ar theagasc, bainistiú cúrsaí agus tacú le foghlaim agus le rannpháirtíocht mac léinn in iarratais ar ardú céime agus chuige seo, ba cheart do chomhaltaí foirne acadúla smaoineamh ar Phortfóiliónna Teagaisc a fhorbairt. Tacaíonn a leithéid sin de phortfóiliónna le cleachtas machnamhach aonair freisin.

(A7.9) Reáchtálfaidh an tUachtarán Gradaim an Uachtaráin don Fheabhas Teagaisc gach bliain agus beidh deis ag gach comhalta foirne acadúil a bheith páirteach sa scéim.

8. Naisc Thaighde-Theagaisc

> "Research and teaching are essential and **intertwined characteristics of a university** which can be advanced from two perspectives:
> - that of the students acquiring a 'higher education', and
> - that of the work of academic staff employed in higher education…
>
> International experience suggests that there are various ways in which the students' learning experience can be effectively enhanced – ranging from **vicarious exposure** to the current research of their teachers through to **the immediate impact of being researchers** (broadly defined) in their own right….
>
> It is becoming clearer that those students who are not learning in an HE environment that is informed by research, and in which it is not possible to access research-related resources, are at a disadvantage compared to those that are."[35]
>
> "We are convinced that 're-shaping' or 're-inventing' our disciplines and departments in a way that focuses more on the teaching-research nexus **can aid students' learning, their pride in their discipline and department, staff morale, and the overall effectiveness of the department and the institution**. ….we are convinced from the research evidence and our own experience that **these links have to be created**. The nexus does not necessarily occur naturally……In creating the link, or rather links, **departments and the disciplinary groups within them have key roles** to play."[36]

Is léir gurb é an sainmhíniú comhaimseartha atá ar ollscoil eagraíocht atá páirteach i dteagasc agus i dtaighde. Is léir, áfach, ón taighde atá déanta gurb iondúil i ndáiríre go mbíonn deighilt idir an dá ról seo, bunaithe ar struchtúr agus ar bheartas institiúide mar aon le nádúr an chleachtais acadúil aonair. Ní mór naisc níos láidre a fhorbairt idir teagasc agus taighde ar bhonn réamhghníomhach, ach cruthaíonn a leithéid d'iarracht deis ceisteanna éagsúla a athscrúdú, mar shampla rannpháirtíocht mac léinn, cruthaitheacht acadúil, spiorad an fhiosrúcháin a chothú mar aon le gnóthachtáil intleachtach a chur chun cinn.

Déanann Jenkins, Healy agus Zetter (2007) roinnt moltaí maidir le nasc a chruthú idir teagasc agus taighde, mar aon le roinnt samplaí de thionscnaimh chosúla atá i bhfeidhm in ollscoileanna eile. I measc na moltaí sonracha a dhéantar tá: (1) Tuiscint na mac léinn ar an ról atá ag taighde ina ndisciplíní féin a fhorbairt; (2) Cumas na mac léinn tabhairt faoi thaighde a fhorbairt; (3) Leibhéal tuisceana na mac léinn a fhorbairt diaidh ar ndiaidh; (4) Taithí taighde na mac léinn a bhainistiú.

Gníomhaíochtaí

(8.1) Soláthróidh gach clár fochéime agus iarchéime de chuid na hollscoile deiseanna do mhic léinn tuiscint a fháil agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna reatha taighde sa disciplín ábhartha.

(8.2) Glacfaidh scoileanna, coláistí agus foirne le moltaí Jenkins, Healy & Zetter, agus cuirfidh siad na moltaí sin in oiriúint (mar atá liostaithe thuas) ar mhaithe le teagasc agus le taighde a nascadh le chéile mar chuid dá ndisciplín acadúil féin.

---

[35] UK Research Forum (2004) "The relationship between research and teaching in institutions of higher education." Ar fáil ar líne ag http://www.dfes.gov.uk/hegateway/uploads/forum's_advice_to_ministers_on_teaching_and_research[1].pdf

[36] "Linking teaching and research in disciplines and departments", A. Jenkins, M. Healey, R. Zetter, Higher Education Academy (2007). http://www.heacademy.ac.uk/assets/York/documents/LinkingTeachingAndResearch_April07.pdf

(8.3) Comhoibreoidh grúpaí, ionaid agus aonaid taighde le haonaid acadúla ábhartha le bealaí a aimsiú lena gcuid oibre a chur in iúl go héifeachtach laistigh de chláir fochéime agus iarchéime agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tionscadail agus le tionscnaimh a thabharfaidh deiseanna do mhic léinn dul i dtaithí ar ghníomhaíochtaí agus ar scileanna taighde.

9. Comhpháirteachas Poiblí

> "Democracy has to be born anew in every generation and education is its midwife"[37]

> "Service learning is… an academic strategy that seeks to engage students in activities that enhance academic learning, civic responsibility and the skills of citizenship, while also enhancing community capacity through service."[38]

Gné reatha de straitéis institiúide atá á forbairt in OÉ Gaillimh (ag tógáil ar na Pleananna Straitéiseacha a cuireadh i dtoll a chéile roimhe sin) é 'comhpháirteachas poiblí' a chiallaíonn gurb ann do raon gníomhaíochtaí, dearcaí agus ardmhianta chun an caidreamh idir an lucht acadúil agus an comhthéacs sóisialta agus poiblí ginearálta a spreagadh. I dtéarmaí praiticiúla, áiríonn sé seo obair dheonach a bhíonn ar siúl ag mic léinn (tríd an gclár ALIVE go príomha) agus 'foghlaim seirbhíse.' Téann rannpháirtíocht i gceachtar den dá réimse seo (.i. laistigh nó lasmuigh den churaclam) chun tairbhe mac léinn bunaithe ar fhorbairt phearsanta agus intleachtach. Uirlis úsáideach é foghlaim seirbhíse freisin, áfach, le hábhar, scileanna agus dearcaí sonracha a theagasc, agus is é an buntáiste is mó a bhaineann le foghlaim seirbhíse go mbíonn sé dírithe ar ghnéithe bunúsacha an ábhair agus go gcruthaíonn sé deiseanna comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí pobail agus le heagraíochtaí eile freisin.

Tá deis iontach ag OÉ Gaillimh, bunaithe ar an tacaíocht atá comhaltaí foirne agus mic léinn sásta a thabhairt don Tionscnamh Eolais Phobail (CKI) í féin a chur chun cinn mar ollscoil cheannródaíoch i réimse an chomhpháirteachais phoiblí in Éirinn. Ag an leibhéal taighde, is é an Institute for Community and Civic Engagement (líonra de ghrúpaí taighde ábhartha, ranna agus scoláirí aonair) a bheidh freagrach as seo, ach bunaithe ar thaithí teagaisc agus ar thaithí mac léinn is cinnte go bhfuil scóip ann samhlacha nua nuálacha a fhorbairt do chláir céime nó modúil aonair fiú.

Gníomhaíochtaí

(A9.1) Déanfaidh gach Coláiste agus gach Scoil iniúchadh ar an deis atá ann comhpháirteachas poiblí a chur chun cinn sna cláir ar fad atá á dtairiscint acu, agus aithneoidh siad cúrsaí sonracha agus/nó modúil a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an gcur chuige seo. Beidh treoir agus tacaíocht le fáil ó chomhaltaí foirne in CKI agus in CELT.

(A9.2) Ainmneoidh gach Coláiste comhalta den fhoireann acadúil le freagracht a ghlacadh as Comhpháirteachas Poiblí & Foghlaim Seirbhíse. I measc na bhfreagrachtaí a bheidh orthu beidh tacú leis an gcomhpháirteachas poiblí sna réimsí gaolmhara ar fad, tacú le comhghleacaithe (i gComhscoileanna) chun cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha a chur i bhfeidhm agus feidhmiú mar phointe teagmhála don Choláiste i ndáil leis na ceisteanna seo.

(A9.3) Beidh oiliúint, ábhar tacaíochta agus rochtain ar líonra cleachtóirí le fáil ag stiúrthóirí cúrsa agus ag comhordaitheoirí modúil ar mian leo gnéithe den fhoghlaim seirbhíse a chomhtháthú ina gcleachtas teagaisc.

(A9.4) Tabharfar spreagadh do mhic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht dheonach trí chlár ALIVE (nó clár éigin eile) agus páirt a ghlacadh i gclubanna agus i gcumainn agus breathnú ar a leithéid sin de thaithí mar chuid den taithí foghlama.

---

[37] J. Dewey (1907), in "Understanding John Dewey: Nature and Cooperative Intelligence," J. Campbell, 1995, Open Court Publishing, Il.

[38] "Institutionalising Service-Learning in Higher Education: Issues and Strategies for Chief Academic Officers", A. Furco & B. Holland, in *Public Work and the Academy*, M. Langseth & W. M. Plater (eds), 2004, Anker Publishing, Boston

10. Cláir Taighde Iarchéime

Cé go mbaineann an straitéis seo le cúrsaí fochéime agus iarchéime, tá gnéithe sonracha de chláir taighde iarchéime a ndéileáltar leo go mion i “Guidelines for Research Degree Programmes” agus rialacháin agus beartais eile a bhaineann le socruithe stiúrthóireachta, struchtúr agus caighdeáin miontráchtas agus tráchtas, agus ceisteanna eiticiúla nuair a bhíonn tionscadail taighde etc. á gcur i bhfeidhm.

Is é an Déan Staidéir Iarchéime atá freagrach as nithe den sórt sin, lena n-áirítear cláir oiliúna do mhic léinn taighde a fhorbairt agus a chomhordú. Chomh maith leis sin, oibríonn an Déan leis an Oifig Taighde, Coláistí, CELT, scoileanna iarchéime, grúpaí taighde aonair agus ionaid maidir le ceisteanna oiliúna a bhaineann le mic léinn agus le stiúrthóirí. Tá múnlaí nua maidir le hoiliúint dochtúireachta á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear cláir ceithre bliana a fhorbairt agus tús a chur le cláir shuntasacha san fhorbairt ghairmiúil, cláir atá dírithe ar chur ar chumas céimithe raon leathan scileanna cineálacha agus speisialta a shealbhú. Teastaíonn solúbthacht, sofhreagracht agus leibhéil oiriúnacha de chreidiúint acadúil chun a leithéid de chúrsaí a chur ar fáil do mhic léinn taighde lánaimseartha. Is é an aidhm atá leis seo ar fad cur leis an méid taithí taighde atá ag mic léinn, seachas é a laghdú tríd an iomarca béime a leagan ar chláir teagaisc riachtanacha. Forbrófar oiliúint dochtúireachta bunaithe ar thionscnaimh nua “Fourth Level Ireland” faoi choimirce comhoibrithe SIF, Scoileanna Iarchéime agus scéimeanna eile agus d’fhéadfadh sé seo a chinntiú go dtiocfadh rialacháin, riachtanais, treoirlínte agus struchtúir nua chun cinn thar thréimhse reatha na straitéise seo.

Gníomhaíochtaí

(A10.1) Tiomsóidh an Déan Staidéir Iarchéime an t-eolas ar fad a bhaineann lena leithéid de chláir agus de cheardlanna oiliúna a sholáthar do mhic léinn taighde iarchéime, le cois a chinntiú go ndéanfar neart poiblíochta ar eolas den chineál seo ionas go mbaineann mic léinn (agus stiúrthóirí) tairbhe as na deiseanna seo.

(A10.2) Beidh raon deiseanna oiliúna agus forbartha gairmiúla ar fáil do mhic léinn taighde iarchéime fad a bheidh siad cláraithe leis an Ollscoil. Bainfear neart úsáide as teicnící ar líne, as féinstaidéar agus as teicníochtaí solúbtha eile d'fhonn a chinntiú go dtapóidh mic léinn na deiseanna atá ar fáil dóibh. Úsáidfear Blackboard lena leithéid sin d’ábhair a sholáthar (áit ar cuí) mar aon le heolas agus le cáipéisí éagsúla.

(A10.3) Tabharfar tús áite d’oiliúint, do mheantóireacht agus do thacaíocht do stiúrthóirí mac léinn taighde mar chuid de Straitéis Taighde na hOllscoile arb é an aidhm atá aici cur leis an líon céimithe PhD sna blianta amach romhainn.
(A10.4) Beidh Treoirlínte Reatha na hOllscoile ar Chláir Céime Taighde faoi réir athbhreithniú leanúnach Dhéan an Staidéir Iarchéime agus cuirfear leasuithe i bhfeidhm de réir mar is cuí.

(A10.5) Tabharfar spreagadh do mhic léinn taighde páirt ghníomhach a ghlacadh i measúnú, i gcomhairliúcháin agus i gcoistí a dhéanann ionadaíocht ar a son.

(A10.6) Tabharfar deis do mhic léinn iarchéime atá ag teagasc nó ag tabhairt tacaíochta foghlama cúrsaí oiliúna agus tacaíochta a dhéanamh, cúrsaí a bheidh á dtairiscint ag CELT, an Déan Staidéir Iarchéime, Scoileanna agus Coláistí aonair agus soláthraithe eile de réir mar is cuí.